# Cruinnithe Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ)

## Leideanna don Éascaitheoir in AFMÁ

Molann leideanna a thugtar sa doiciméad seo cur chuige chun plé gairmiúil a éascú ag cruinniú AFMÁ agus breithiúnais a dhéanamh faoi chaighdeán oibre scoláirí do Mheasúnuithe Rangbhunaithe. Seo thíos roinnt leideanna chun cabhrú leis an éascaitheoir agus níl siad uileghabhálach ná saintreorach. Tá an bhéim ar bhreithiúnais a dhearbhú.

**An cruinniú a oscailt**

- Cad é is féidir linn a chur in áit chun a chinntiú go mbainmid an leas is fearr as an gcruinniú seo?
- Athbhreithniú ar fhoghlaim agus ar mheasúnú ábhair mar chuspóir an chruinnithe seo.
- Luach an chruinnithe maidir le haiseolas a thabhairt do scoláirí maidir le bealaí a bhféadfadh siad feabhas a chur ar a gcuid oibre.

**Ceisteanna tosaithe nó achoimrithe**

- An bhféadfá sampla oibre a chur i láthair a mheas tú faoi 'Níor chomhlíon na hionchais fós', (más féidir)?
- An féidir leis an múinteoir ar leis an sampla seo an píosa seo a chur i láthair?
- Cé chomh mór is atá obair an scoláire ag teacht leis an tuairiscín sealadach a luadh léi?
- Cá bhfuil fianaise ar na Gnéithe Cáilíochta sa phíosa oibre seo?
- Cad iad na réimsí ina bhféadfaí an obair a fheabhsú / a fhorbairt?
- Cén t-aiseolas a thabharfá don scoláire seo ?

**Eolas agus scileanna gairmiúla**

- Gnéithe Cáilíochta /Samplaí d'Obair Scoláirí CNCM / Breithiúnas gairmiúil.

**Comhrá Gairmiúil**

- Rannpháirtíocht a spreagadh, cothromas a chinntiú agus muinín a chothú.
- Úsáid an tsamhail SCOPE más gá.
- Is fiú in amanna píosa oibre a chur 'i leataobh' chun plé a dhéanamh faoi phíosaí eile a shoiléireoidh ár gcuid smaointeoireachta ar an tuairiscín cuí.

Le haghaidh tuilleadh eolais ar chruinnithe AFMÁ téigh chuig www.ncca.ie


CC BY NC